

ÚBE/GL/2024/10

28 Meitheamh 2024

Treoirlínite lena leasaítear Treoirlínite ÚBE/GL/2015/12 maidir le riaráistí agus foriamh

Roinn 1 – Oibleagáidí comhlíontachta agus tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d’údaráis inniúla agus d’institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh cloí leis na treoirlínte.
2. Leagtar amach i dtreoirlínte tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d’údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d’údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an gcomhlíonann siad na treoirlínte seo nó an bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 21.10.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a sheoladh chuig compliance@eba.europa.eu agus an tagairt “ÚBE/GL/2024/10” a shonrú. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún, IO L 331, 15.12.2010, lgh. 12-47

Roinn 2 – Seolaithe

Seolaithe

5. Dírítear na treoirlínte seo ar:

- (a) údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (údarás ÚBE) ar údaráis inniúla iad freisin mar a shainmhínítear i bpointe (22) d’Airteagal 4 de Threoir 2014/17/AE; agus
- (b) atá dírithe freisin ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ar creidiúnaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4 de Threoir 2014/17/AE.

Roinn 3 – Cur chun feidhme

An dáta iarratais

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ón **ll.mm.bbbb** [Treoir d’eagarthóirí – Le do thoil cuir isteach an dáta [2] mhí tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ÚBE i dteangacha oifigiúla uile an Aontais (dáta eisiúna na dtreoirlínte)]

Roinn 4 – Leasuithe

7. Leasaítear ÚBE/GL/2015/12 mar seo a leanas:

- (a) Scriostar mír 7 agus an teideal “Seolaithe na gceanglas faisnéise” a ghabhann léi.
- (b) Scriostar mír 9 agus an teideal “Seachfhoinsiú” a ghabhann léi.
- (c) Scriostar Treoirlíne 4.
- (d) Leasaítear Treoirlíne 5 mar a leanas:

“Ba cheart don chreidiúnaí na cúiseanna a dhoiciméadú go bhfuil an fhéidearthacht nó na féidearthachtaí maidir le bearta staonta a thairgtear don tomhaltóir i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Treoir um Chreidmheas Morgáiste iomchuí dá gcúinsí aonair nó dá n-imthosca aonair agus ba cheart dóibh taifid leordhóthanacha a dhéanamh agus a

choinneáil maidir leis an gcaoi ar dhéileáil siad leis an tomhaltóir a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu ar feadh tréimhse réasúnach ama.”

(e) Cuirtear isteach Treoirlíne 6 seo a leanas:

“Seachfhoinsiú

I gcásanna ina ndéantar gníomhaíocht an chreidiúnaí a sheachfhoinsiú go hiomlán nó go páirteach chuig tríú páirtithe, ba cheart do chreidiúnaithe, nach aon cheann de na hinstitiúidí airgeadais iad dá dtagraítear i míreanna 9 go 11 i dTreoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe (ÚBE/GL/2019/02), a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhunaítear sna Treoirlínte sin, lena n-áirítear freagracht deiridh na n-institiúidí agus iad i mbun seachfhoinsithe.²”

² Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe (ÚBE/GL/2019/02) [ÚBE BS 2019 xxx \(Dréacht-Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe\).docx \(europa.eu\)](#) lenar aisghaireadh treoirlínte Choiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha (CEBS) an 14 Nollaig 2004 maidir le seachfhoinsiú le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2019.